6

Focail Dheacra

	Lch
corraithe	58
ceannasach go tóin poill saighdiúirí gortaithe	59
anró ciútaí léanmhar meidhreach	60
fodar	61
scéin smionagar uchtach	62
aigeanta	63
monabhar cathlán	64
barraicíní ruathar úim (gliogar na húma) loinnir	65
dubheagla	66

Ceisteanna Bunaithe ar Fhianaise

1. Cén spionn a bhí ar na saighdiúirí ar bord na loinge?
2. Cén ceann scríbe a bhí ag na saighdiúirí?
3. Cad é mar a bhí an turas loinge?
4. Cé a chur Joey ar a shuaimhneas le linn an turais?
5. Cé chomh minic a stad siad faoi choinne uisce agus iad ag máirseáil?
6. Cad é an rud ab fhearr faoin aire a thug na saighdiúirí do na capaill?
7. Cén t-am den bhliain a bhí ann?
8. Cé a thug uchtach do Joey agus eagla air roimh challán na ngunnaí?
9. Cad é mar a d'éirigh leo an namhaid a aimsiú?

Ceisteanna Tátalacha

1. Cad é a thugann le fios dúinn nach dtuigeann na saighdiúirí óga an cogadh?
2. Cad chuige ar éirigh na saighdiúirí ciúin agus iad ag dul i dtír?
3. Cad é an rud is mó a thaispeáin do na saighdiúirí an rud a bhí rompu?
4. Cén fáth a raibh an Captaen Nicholls níos troime ná roimhe?
5. Cad é mar a chruthaíonn an t-údar teannas le linn an chatha?

Ceisteanna Smaointeoireachta



1. Bhí na trúipéirí ag gáire agus iad ar bord na loinge. An dóigh leat gur thuig na saighdiúirí óga an saol a bhí rompu?
2. Cén tionchar a bheadh ann do na saighdiúirí dá bhfeicfeadh siad deora i súile an Chaptaen Nicholls?
3. Cad iad na mothúcháin a bheadh ag dul trí chloigne na saighdiúirí agus iad ag dul isteach sa chéad chath?
4. Bhí na saighdiúirí ag rá go raibh an bua acu – ach an raibh i ndáiríre?

Gníomhaíocht

Gníomhaíocht 1: Ealaín / ÚTFC

Bhí páipéir nuachta iontach tábhachtach le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda mar gheall gurbh iad an dóigh is fusa le scéalta a scaipeadh go forleathan. Ach bhí rialacha daingne ann faoi na rudaí arbh fhéidir a thuairisciú. Amharc ar shamplaí de na páipéir nuachta ar na suíomhanna seo mar shampla **www.nli.ie/WWI** nó **www.bbc.co.uk/schools/0/ww1/25232795** agus ansin scríobh alt nuachtáin don leathanach tosaigh bunaithe ar na heachtraí a bhí ag tarlú san Eoraip.

Déan cinnte go bhfuil na rudaí seo a leanas ann:

- Teideal an nuachtáin agus dáta
- Ceannlíne shuimiúil
- Sonraí maidir leis an chogadh agus na saighdiúirí
- Pictiúr ón chogadh.